

Tuarascáil Bhliantúil 2022



Bord BOO Chiarraí 2022

| | |
|------------------------------------|-------------------------------|
| An Comhairleoir Aoife Thornton | An Comhairleoir Terry O'Brien |
| An Comhairleoir Cathal Foley | <i>(Leas-Chathaoirleach)</i> |
| An Comhairleoir Deirdre Ferris | Tara Donoghue, Uasal |
| An Comhairleoir Fionnán Fitzgerald | An tUasal Niall Lucey |
| An Comhairleoir Jim Finucane | Celia O'Shea, Uasal |
| <i>(Cathaoirleach)</i> | An tUasal Joseph Brennan |
| An Comhairleoir Johnnie Wall | Joan McCrohan, Uasal |
| An Comhairleoir Marie Moloney | An tUasal John O'Roarke |
| An Comhairleoir Maura Healy-Rae | Maria O'Gorman, Uasal |
| An Comhairleoir Michael Cahill | An tUasal Tim Daly |
| An Comhairleoir Niall O'Callaghan | An tUasal Zaid Kassoob |
| An Comhairleoir Norma Moriarty | |

Feidhmeannas BOO Chiarraí 2022

| | |
|--------------------------------|---|
| An tUasal Colm Mac Gíolla Bhuí | <i>Príomhoifigeach Feidhmiúcháin</i> |
| Ann O'Dwyer, Uasal | <i>Stiúrthóir Scoileanna, Óige agus Ceoil</i> |
| Maria Brennan, Uasal | <i>Stiúrthóir um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta</i> |
| An tUasal Owen O'Donnell | <i>Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna</i> |



Clár Ábhair

| | |
|---|----|
| Réamhrá lenár gCathaoirleach agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin | 4 |
| Ráiteas Bhord BOO Chiarraí | 6 |
| BOO Chiarraí: Ár bPobal | 12 |
| Misean agus Croíluachanna | 15 |
| Struchtúr na hEagraíochta | 16 |
| Creat Feidhmíochta Straitéisí | 17 |
| Ár Múnla Tuairiscithe | 18 |
| Ráiteas maidir le Seirbhísí | 19 |
| Ár dTuarascálacha Straitéiseacha | 44 |
| | |
| Aguisín I: Gluais Téarmaí agus Liosta Táblaí | 48 |
| Aguisín II: Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí 2018–2022 | 49 |

Réamhrá lenár gCathaoirleach agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Tá áthas orainn fáilte a chur romhat chuig Tuarascáil Bhliantúil 2022 Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí (BOO Chiarraí). Tiomsaíodh an tuarascáil seo de réir fhorálacha Alt 28 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (BOO), 2013.

Ba bhliain ríthábhachtach í 2022 dár n-eagraíocht agus muid ag teacht amach ó phaindéim COVID-19 a raibh tionchar mór aici ar ár gcuid oibre agus ar ár dtimpeallacht shóisialta ó mhí an Mhárta 2020. Nuair a rinneadh fógra go raibh go leor de na bearta sláinte poiblí a bhí faoi thionchar COVID-19 le maolú ón 22 Eanáir 2022, rud a raibh an-fháilte roimhe, d’aistrigh BOO Chiarraí ar ais i dtreo timpeallacht oibre a bhí ann roimh an bpaindéim den chuid is mó i rith na bliana. Cuireadh fáilte roimh an aistriú sin in 2022 tar éis beagnach dhá bhliain a chaitheamh ag obair agus ag maireachtáil i dtimpeallacht a bhí múnlaith den chuid is mó ag an bpaindéim.

Síos tríd an tuarascáil seo, gheobhaidh tú sonraí faoi éachtaí agus garspriocanna BOO Chiarraí le linn bliain ghnóthach chlaochlaitheach dár n-eagraíocht. Mar atá sonraithe sa tuarascáil seo, tá obair na heagraíochta lárnach sna trí phríomhréimse colúin, mar atá:

- Scoileanna, Óige agus Ceol
- Breisoideachas agus Oiliúint
- Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta


Le linn 2022, rinneadh ár gcomhobair a ailíniú go hiomlán leis an Ráiteas Straitéise 2018–2022 agus leis an bPlean Seirbhíse 2022, le

monatóireacht agus taifeadadh á dhéanamh ar an gcur chun feidhme trí na teimpléid tuairiscithe chur chun feidhme chomhaontaithe. Tá dul chun cinn suntasach déanta ar fud ár naoi sprioc straitéiseacha, mar atá sonraithe sa chuid “Ráiteas Seirbhíse” den tuarascáil seo. Díol suntasais faoi leith in 2022 ba ea an obair a rinne baill foirne ar fud na heagraíochta agus foireann nuabhunaithe na Foirne Oideachais agus Teanga Réigiúnaí (REALT) chun cúnamh agus tacaíocht a thabhairt d’iarratasóirí idirnáisiúnta a thagann go hÉirinn.

Tionscadal mór ar fud na heagraíochta a cuireadh chun cinn go mór in 2022 ba ea forbairt Ráiteas Straitéise 2023–2027. D’oibrigh an fhoireann agus na páirtithe leasmhara go léir le chéile i rith na bliana féilire chun ár bhfís chomhroinnte a dhoiciméadú do na cúig bliana amach romhainn, tar éis modheolaíocht “todhchaí aniar”. Chríochnaigh an obair sin le straitéis deiridh a bhí bunaithe ar chúig sprioc a raibh sé théama mar bhonn taca leo (san áireamh).

Is in 2023 a fhoilseofar an Ráiteas Straitéise 2023–2027.

Mar a léirítear sa tuarascáil bhliantúil seo, is fíorshamplaí iad ár n-éachtaí d’eagraíocht atá aontaithe chun sochaí foghlama ar feadh an tsaoil agus ar fud an tsaoil a bhunú i gCiarraí. Ag féachaint romhainn, leanfaimid orainn ag cur béime ar an tábhacht a bhaineann le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine agus ár gcroíluachanna comhroinnte a chur i bhfeidhm agus a chur in



iúl, sineirgí feabhsaithe a chothú laistigh den eagraíocht agus aird a thabhairt ar inbhuanaitheacht inár gcórais, inár bpróisis agus inár n-iompar ag an am céanna.

I rith 2022, thacaigh comhaltaí an Bhoird, coistí Alt 44 agus Alt 45 le hobair an Fheidhmeannais. Tá an Feidhmeannas an-bhuíoch as an tacaíocht leanúnach sin, agus ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leis an mBord agus le comhaltaí uile an fhochoiste as a dtiomantas leanúnach don eagraíocht.

Thar ceann an Bhoird agus an Fheidhmeannais, ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leis an triúr stiúrthóirí, leis an mbainistíocht, leis an bhfoireann, leis na foghlaimeoirí, leis na tuismitheoirí agus le páirtithe leasmhara luachmhara eile as bhur dtacaíocht leanúnach do BOO Chiarraí – ár bpoibál comhroinnte.

Guímid gach rath ar ár bhfoireann, ar ár bhfoghlaimeoirí agus ar ár bpáirtithe leasmhara go léir in 2023 agus muid ag leanúint ar aghaidh ag obair le chéile chun do thodhchaí a thógáil de réir Ráiteas Straitéise 2023–2027.

An Comhairleoir Jim Finucane
Cathaoirleach

An tUasal Colm Mac Gíolla Bhuí
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Ráiteas Bhord BOO Chiarraí

Bunaíodh BOO Chiarraí faoin Acht BOO 2013 agus tá sé freagrach agus cuntasach as stiúradh agus rialú cuí a fheidhmeanna i limistéar údaráis áitiúil Chiarraí.

Comhlíonann BOO Chiarraí Cód Cleachtas do Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna, Ciorclán 0002/2019 ón Roinn Oideachais. Is é cuspóir an chóid a chinntiú go gcuireann BOO Chiarraí prionsabail an dea-rialachais agus na bainistíochta i bhfeidhm.

Feidhmeanna an Bhoird

Is feidhmeanna forchoimeáda iad cinntí a ghlacann an Bord agus leagtar amach in Alt 12 (2) d'Acht an BOO 2013 agus in Imlitir 0002/2019 iad, agus leagtar sceideal iomlán amach in Aguisín A den chód. Meastar gur feidhmeanna feidhmiúcháin de chuid an POF iad cinntí nach sonraítear sa chód. Tá an Bord sásta go ndéanann an POF feidhmeanna a tharmligean i gcás inarb iomchuí agus de réir Acht an BOO 2013.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as leabhair chúil chuntais a choinneáil, a nochtfaidh, go réasúnta cruinn tráth ar bith, staid airgeadais an Bhoird agus a chuirfidh ar a chumas a chinntiú go bhfuil na Ráitis RAB ag teacht le hAlt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Bíonn an Bord freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Measann an Bord go dtugtar léiriú ceart ar ioncam agus caiteachas an Bhoird agus ar staid ghnóthaí an Bhoird sa Ráiteas RAB. Agus na cuntais sin á n-ullmhú aige,

ceanglaítear ar an mBord na nithe a leanas a dhéanamh:

- na gnáthbheartais chuntasaíochta a chur i bhfeidhm maidir le hullmhú ráitis airgeadais an BOO;
- breitheanna agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- aon imeacht ábhartha ó na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha a nochtadh agus míniú a thabhairt air.

In 2022, rinne an Bord an méid seo a leanas a fhaomhadh:

- Tuarascáil Bhliantúil
- Ráitis Airgeadais
- Plean Seirbhíse
- Freastal comhaltaí ar chomhdhálacha
- Talamh, nó leas ar bith i dtalamh, a fháil, a choinneáil i seilbh agus a dhiúscairt, i gcomhréir le rialúcháin na Roinne

Ina theannta sin, chinntigh an Bord gur coinníodh taifid chruinne ar chruinnithe agus ar chinntí.

Cinntíonn an Bord gur féidir leis an struchtúr rialachais a chuid dualgas a chomhlíonadh go héifeachtach. Léiríonn comhaltaí an Bhoird ceannaireacht leis an dea-shampla, agus cumas agus béascna an dea-rialachais á socrú don eagraíocht uile acu. Tá an Bord freagrach i gcomhpháirt as stiúradh straitéiseach agus bainistíocht na heagraíochta a dhéanamh agus as maoirseacht a dhéanamh ar obair an fheidhmeannais.

Tugann an Bord breithiúnas eolasach, neamhspleách i gcónaí ar fheidhmíocht agus ar chomhlíontacht araon.

Cruinnithe an Bhoird

Tháinig an Bord le chéile trí huairé déag i rith na bliana, agus tá sonraí tinrimh leagtha amach sa tábla thíos:

| An Comhlacht Ainmiúcháin | Comhlacht Ainmnithe | 01/02 | 22/02 | 31/03 | 10/05 | 14/06 | 12/07 | 27/09 | 15/11 | 16/12 | Iomlán |
|------------------------------------|---------------------------|-------|-------|-------|-------|-------|-------|-------|-------|-------|--------|
| An Comhairleoir Michael Cahill | Comhairle Contae Chiarraí | ✓ | ✓ | | ✓ | | ✓ | ✓ | | ✓ | 6/9 |
| An Comhairleoir Johnnie Wall | Comhairle Contae Chiarraí | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 8/9 |
| An Comhairleoir Cathal Foley | Comhairle Contae Chiarraí | | | ✓ | | | | | ✓ | ✓ | 3/9 |
| An Comhairleoir Jim Finucane (C) | Comhairle Contae Chiarraí | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 9/9 |
| An Comhairleoir Fionnán Fitzgerald | Comhairle Contae Chiarraí | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | 7/9 |
| An Comhairleoir Deirdre Ferris | Comhairle Contae Chiarraí | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 8/9 |
| An Comhairleoir Maura Healy Rae | Comhairle Contae Chiarraí | ✓ | ✓ | | | | ✓ | | ✓ | | 4/9 |
| An Comhairleoir Marie Moloney | Comhairle Contae Chiarraí | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | | | 6/9 |
| An Comhairleoir Norma Moriarty | Comhairle Contae Chiarraí | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | 8/9 |
| An Comhairleoir Terry O'Brien (VC) | Comhairle Contae Chiarraí | ✓ | ✓ | ✓ | | | ✓ | ✓ | ✓ | | 6/9 |
| An Comhairleoir Niall O'Callaghan | Comhairle Contae Chiarraí | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | 8/9 |
| An Comhairleoir Aoife Thornton | Comhairle Contae Chiarraí | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | | ✓ | ✓ | 7/9 |
| An tUasal Joseph Brennan | Ball Foirne | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | ✓ | ✓ | ✓ | 7/9 |
| Celia O'Shea, Uasal | Ball Foirne | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 9/9 |
| An tUasal Niall Lucey | Tuismitheoir | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | | ✓ | 6/8 |
| Tara Donoghue, Uasal | Tuismitheoir | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | | 6/8 |
| Maria O'Gorman, Uasal | Sainleas | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 8/9 |
| An tUasal Tim Daly | Sainleas | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | ✓ | | ✓ | 6/9 |
| An tUasal John O'Roarke | Sainleas | ✓ | | | ✓ | ✓ | | ✓ | | ✓ | 5/9 |
| Joan McCrohan, Uasal | Sainleas | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 8/9 |
| An tUasal Zaid Kassoob | Sainleas | ✓ | ✓ | | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 7/9 |

Tábla 1: Freastal Comhaltáí Boid

Fochoistí

Tháinig an Bord le chéile ceithre huair le linn na bliana, agus leagtar amach na sonraí tinrimh sa tábla thíos:

| Ainm | Ainmní | 01/03 | 19/05 | 14/09 | 17/11 | Iomlán |
|--------------------------------|--------------|-------|-------|-------|-------|--------|
| An tUasal John C. O'Connor | Seachtrach | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 4/4 |
| An Comhairleoir Jim Finucane | BOO Chiarraí | | ✓ | | | 1/4 |
| An Comhairleoir Norma Moriarty | BOO Chiarraí | ✓ | ✓ | ✓ | | 3/4 |
| Maria O'Gorman, Uasal | BOO Chiarraí | | ✓ | | | 1/4 |
| An tUasal Pádraig Ó Donnabháin | Seachtrach | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 4/4 |
| An tUasal John M. Naughton | Seachtrach | | | | | 0/4 |
| An tUasal Gerard O'Donoghue | Seachtrach | | | ✓ | ✓ | 2/4 |

Tábla 2: Clár Tinrimh agus Minicíocht Chruinnithe an Choiste Iniúchta agus Riosca

Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile ceithre huair le linn na bliana, agus leagtar amach na sonraí tinrimh sa tábla thíos:

| Name | Nominee | 12/03 | 22/06 | 16/09 | 10/11 | Iomlán |
|--------------------------------|--------------|-------|-------|-------|-------|--------|
| An tUasal Brendan Tuohy | Seachtrach | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 4/4 |
| An Comhairleoir Aoife Thornton | BOO Chiarraí | | | | | 0/2 |
| An tUasal Zaid Kassoob | BOO Chiarraí | ✓ | ✓ | | | 2/3 |
| An Comhairleoir Deirdre Ferris | BOO Chiarraí | ✓ | | ✓ | ✓ | 3/4 |
| Joan McCrohan, Uasal | BOO Chiarraí | ✓ | | | | 1/3 |
| An tUasal Brendan Daly | Seachtrach | ✓ | ✓ | ✓ | | 3/4 |
| An tUasal Karol Kissane | Seachtrach | ✓ | | ✓ | | 2/4 |
| An Comhairleoir Terry O'Brien | BOO Chiarraí | | | | | 0/1 |
| An tUasal Noel Keenan | Seachtrach | | | | ✓ | 1/1 |

Tábla 3: Clár Tinrimh agus Minicíocht Chruinnithe an Choiste Airgeadais

Bainistiú Riosca

Déanann an Bord maoirseacht ghníomhach leanúnach ar bhainistíocht riosca agus dearbhaíonn sé go ndearna sé measúnú ar na príomhrioscaí agus na bearta maolaithe gaolmhara agus go ndearna sé athbhreithniú ar éifeachtacht na mbeart sin in 2022. Déanann an Bord bainistíocht ar rioscaí don eagraíocht trí chlár struchtúrtha bainistíochta riosca. Faigheann an Bord cúnamh ina fheidhm bainistíochta riosca ón gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca. Bíonn an Bord ag brath freisin ar an Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí agus ar na tuarascálacha uaidh, ar an iniúchadh bliantúil a dhéanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste agus ar aon iniúchadh seachtrach amhail iniúchadh a dhéanfadh Ciste Sóisialta na hEorpa nó na Coimisinéirí Ioncaim. Ina theannta sin, déantar athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha a fheidhmítear.

Is buanmhír í an Bhainistíocht Riosca ag gach cruinniú agus áirítear sa mheasúnú uirthi:

- Tuairiscí riosca ón lucht ardbhainistíochta lena n-áirítear an Príomhoifigeach maidir le Riosca
- Tuairiscí ón gCoiste Iniúchta agus Riosca
- Athruithe ar an rátáil riosca
- Clár iniúcháireachta

Tá sonraí faoi na príomhrioscaí agus na bearta nó straitéisí maolaithe gaolmhara curtha san áireamh sa Ráiteas um Rialú Inmheánach (RRI) mar chuid den Ráiteas RAB, a fhoilseofar laistigh de mhí amháin tar éis iad a fháil ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh.

Córas Rialaithe Inmheánaigh

Deimhníonn an Bord go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais

rialaithe inmheánaigh agus go bhfuil an Ráiteas RRI, atá faoi réir athrú go dtí go mbeidh an t-iniúchadh seachtrach críochnaithe, san áireamh sna Ráitis RAB i leith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2022, a fhoilseofar laistigh de mhí amháin tar éis í a fháil ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh a cuireadh faoi bhráid an Aire.

Beartas agus Nósanna Imeachta Soláthair

Deimhníonn an Bord go bhfuil an eagraíocht ag cloí leis na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí agus dearbhaíonn sé go gcloítear leis an mbeartas agus na nósanna imeachta soláthair ábhartha agus le forbairt agus cur i bhfeidhm an Phlean Soláthair Chorporáidigh.

Áiríodh neamh-chomhlíonadh Threoirlínte Soláthair sa Ráiteas RAB (leathanach 6).

Cánachas

Deimhníonn an Bord gur chomhlíon an BOO a chuid oibleagáidí faoin dlí cánach.

Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2022

Tá an Ráiteas RAB don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 faoi réir iniúchadh ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste tráth a fhoilsítear Tuarascáil Bhliantúil 2022. Foilseoidh BOO Chiarraí an Ráiteas RAB laistigh de mhí amháin ón dáta a fhaightear ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste é.

Tá sonraí airgeadais a bhaineann leis an méid seo a leanas san áireamh sa Ráiteas RAB:

- Sonraí faoi tháillí nach mbaineann le tuarastal a íocadh i leith comhaltaí Boird a ndearnadh anailís orthu de réir chatagóir na dtáillí

- Sonraí comhiomlána cúitimh na príomhfhoirne bainistíochta a ndearnadh anailís de réir na gcatagóirí seo a leanas orthu, lena n-áirítear cúiteamh bainistíochta san iomlán:
 - o Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha d'fhostaithe
 - o Sochair iar-fhostaíochta
 - o Sochair foirceanta
- Cúiteamh don phríomhfhoireann bainistíochta, más ann dóibh;
- Sonraí faoi líon na mball foirne ar thit a sochair foirne iomlána (gan costas pinsin fostóra san áireamh) don tréimhse tuairiscithe idir €0 agus €59,999 agus laistigh de gach banda pá de €10,000 agus €60,000 suas agus figiúr foriomlán do ranníocaíochtaí pinsin iomlána an fhostóra.

Bronntanais

Ní bhfuair BOO Chiarraí aon bhronntanas in 2022.

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus an tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001

Ceanglaítear ar chomhaltaí an Bhoird agus ar bhaill foirne ainmnithe Nochtadh Leasanna a sholáthar gach bliain i dtaca le saincheisteanna a bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith acu ar chomhlíonadh feidhmeanna. Rinneadh nochtuithe agus neamhnochtuithe do 2021 a chomhlánú agus a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí. Nochtuithe Cosanta

Leis an Acht um Nochtuithe Cosanta 2014

tugtar creat faoinar féidir le baill foirne nithe is údar imní a chur in iúl faoi éagóiritheoireacht

fhéideartha a dtagann siad ar an eolas fúithi san ionad oibre, agus a bheith cinnte ag an am céanna go mbeidh siad in ann leas a bhaint as cosaintí suntasacha fostaíochta agus cosaintí eile má ghearrann a bhfostóir pionós orthu nó má dhéantar aon díobháil dóibh as déanamh amhlaidh.

Oibríonn Beartas Nochtuithe Cosanta BOO Chiarraí le reachtaíocht náisiúnta chun spreagadh agus tacaíocht a thabhairt don fhoireann maidir le héagóracha féideartha a thuirisciú, agus fios maith acu go nglacfar go dáiríre lena n-imní agus go léireofar meas ar a rúndacht.

Mar a cheanglaítear le hAlt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, deimhníonn Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí nach ndearnadh aon nochtadh cosanta go dtí deireadh 2022.

Doiciméid bheartais arna bhforbairt ag an bhfeidhmeannas agus arna bhfaomhadh ag an mBord (2022)

- Beartas Sínithe Adobe
- Beartas agus Nós Imeachta um Shaoire Bhliantúil
- Beartas agus Nós Imeachta um Chumhdach Leanáí¹ (Athbhreithniú)
- Beartas agus Nós Imeachta um Fháilteachas agus Bronntanais (Athbhreithniú)
- Beartas agus Nós Imeachta um Chárta Ceannaigh (Athbhreithniú)
- Beartas um an gCeart chun Dínascadh
- Ráiteas maidir le hInghlacthacht Riosca, 2023

¹ An tAcht um Chomhlíonadh Corparáideach le Tús Áite do Leanáí (2015) agus Níosanna Imeachta na Roinne Oideachais agus Scileanna um Chosaint Leanáí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (2017).

- Creat Bainistíochta Riosca (Athbhreithniú)
- Beartas Bainistíochta Riosca (Athbhreithniú)
- Buan-Orduithe (Athbhreithniú)

An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

Leanann BOO Chiarraí lena oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le freagra a thabhairt ar iarrataí Saorála Faisnéise (SF). Le linn na tréimhse tuairiscithe, fuair BOO Chiarraí seacht

n-iarraidh in 2022.

Freagracht Shóisialta Chorparáideach Faoi Ionstraim Reachtúil 426 de 2014, Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éifeachtúlacht Fuinnimh) 2014, ceanglaítear ar gach comhlacht san earnáil phoiblí tuairisciú bliantúil a dhéanamh ar a n-úsáid fuinnimh agus ar aon ghníomh a dhéantar chun ídiú a laghdú.

| | 2022 Tomhaltas kWh | Astaíochtaí kgCO2 |
|---------------------|---------------------------|--------------------------|
| Leictreachas | 2,178,438 | 713,625 |
| Teirmeach | 1,992,782 | 495,041 |
| Iompar | 34,957 | 8,622 |
| | 4,206,177 | 1,217,288 |

Chun tuilleadh sonraí a fháil faoi chur chun feidhme Straitéis Inbhuanaitheachta BOO Chiarraí, ceadaigh “Ár dTuarascálacha Straitéiseacha” níos déanaí sa doiciméad.

Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014: Dualgas na hEarnála Poiblí maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine lena n-éilítear ar chomhlachtaí poiblí, aird a thabhairt ar an ngá atá ann deireadh a chur le hidirdhealú, comhdheiseanna a chur chun cinn agus cearta an duine do bhaill foirne agus úsáideoirí na seirbhísí a chosaint thar gach limistéar feidhme. Éilítear faoin gcéad chéim den dualgas ar chomhlachtaí poiblí measúnú a ullmhú agus a chur ar fáil go poiblí maidir leis na saincheisteanna comhionannais agus cearta an duine, atá ábhartha maidir lena fheidhmeanna le haghaidh grúpaí a aithnítear faoin dualgas.

In 2022, chuir BOO Chiarraí tús le hobair chun measúnú a dhéanamh ar na fadhbanna

comhionannais sochaíocha agus cearta an duine a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar BOO Chiarraí mar sheirbhís phoiblí agus mar fhostóir araon. Beidh an grúpa oibre trasfheidhmeach bunaithe i gceannas ar an obair seo agus forbróidh sé plean gníomhaíochta chun an dualgas a chur chun feidhme ina dhiaidh sin. Cuimsíonn ballraíocht an ghrúpa seo bainisteoirí agus baill foirne ar fud ár bpríomhfheidhmeanna a bheidh freagrach as tionscnaimh a stiúradh a chuirfidh an dualgas i bhfeidhm go héifeachtach agus a chuireann comhionannas agus cearta an duine chun cinn ar fud na heagraíochta. In 2023, cuirfean an doiciméad seo ar fáil go poiblí de réir cheanglais Alt 42 d'Acht 2014.

Chomh maith leis an méid thuas, tá breithniú an dualgais mar bhonn agus taca leis an bpróiseas chun Ráiteas Straitéise nua BOO Chiarraí 2023–2027 a fhorbairt. Sna chéad chúig bliana

amach romhainn, tá BOO Chiarraí tiomanta do sheirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar agus dul i bhfeidhm ar bhealach fiúntach sna pobail dá bhfóireann sé, chun comhionannas torthaí a áirithiú dóibh siúd is imeallaithe.

Socruithe Tríú Páirtí

Tá ról níos tábhachtaí ag socruithe tríú páirtí le blianta beaga anuas i bhforbairt straitéiseach BOO Chiarraí. Is féidir le socruithe tríú páirtí tacú le seachadadh seirbhísí, rochtain ar eolas a chur ar fáil agus luach foriomlán a chur le gnó BOO Chiarraí.

Go háirithe a mhéid a bhaineann le deontais, tá roinnt comhaontuithe deontais idir BOO Chiarraí agus comhlachtaí neamhthráchtála, go príomha san earnáil phobail agus dheonach, chun seirbhísí a sholáthar thar ceann an stáit.

Tá an scála ag a dtéann BOO Chiarraí i dteagmháil le tríú páirtithe i bhfad níos mó anois ná mar a bhí san am a chuaigh thart. Coinníonn an feidhmeannas clár de shocruithe tríú páirtí chun tacú lena ról maoirseachta.

An Comhairleoir Jim Finucane
Cathaoirleach



BOO Chiarraí: Ár bPobal

Pobalscoileanna Náisiúnta

- Scoil an Ghleanna, Scoil Náisiúnta Phobai
- Pobalscoil Náisiúnta Thathuile
- Pobalscoil Náisiúnta an Dá Mhíle

Iar-Bhunscoileanna

- Coláiste Pobail Oileán Chiarraí
- Scoil Chuimsitheach an Tóchair
- Coláiste Ghleann Lí
- Coláiste na Ríochta
- Coláiste na Sceilge
- Gaelcholáiste Chiarraí
- Coláiste Pobail Chill Airne
- Coláiste Pobail Chill Orglan

Oifig Forbartha Óige

- Comhpháirtíocht Áitiúil um Óige Ildánach
- Music Generation Chiarraí

Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chiarraí

- Oifig Iontrála Choláiste Chiarraí, Trá Lí
- Oifig Iontrála Choláiste Chiarraí, Cill Airne
- Campas Choláiste Chiarraí, Bóthar na Claise
- Campas Choláiste Chiarraí, Sráid Deiní
- Campais Choláiste Chiarraí, Lios Tuathail
- Campais Choláiste Chiarraí, Móin an Bhaile
- Campas Choláiste Chiarraí, Cill Orglan (IBOOA)
- Cláir Chonaire:
 - Cill Airne
 - Cill Orglan
 - Lios Tuathail
 - Trá Lí
- Aonaid:
 - An tAonad Tacaíochta Gnó
 - Aonad Tacaíochta d'Fhoghlaimoirí

Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna

- Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Tóchair
- Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Daingin
- Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Neidín
- Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Uí Chonaill
- Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Tech Amergin

Ionaid Litearthachta agus Bunoideachais d'Aosaigh

- Ionad Litearthachta agus Bunoideachais d'Aosaigh Oileán Ciarraí
- Ionad Litearthachta agus Bunoideachais d'Aosaigh Chathair Saidhbhín
- Ionad Litearthachta agus Bunoideachais d'Aosaigh an Daingin
- Ionad Litearthachta agus Bunoideachais d'Aosaigh Neidín
- Ionad Litearthachta agus Bunoideachais d'Aosaigh Chill Airne
- Ionad Litearthachta agus Bunoideachais d'Aosaigh Chill Orglan
- Ionad Litearthachta agus Bunoideachais d'Aosaigh Lios Tuathail
- Ionad Litearthachta agus Bunoideachais d'Aosaigh Thrá Lí

Ógtheagmháil

- Ógtheagmháil Chill Airne
- Ógtheagmháil Lios Tuathail
- Ógtheagmháil Ardteistiméireacht Fheidhmeach Thrá Lí
- Ógtheagmháil Thrá Lí

Oideachas Pobail

Foireann Oideachais agus Teanga Réigiúnach (REALT) Dearbhú Cáilíochta

Ranna Ceannoifige

- An Roinn Chorparáideach, Caipitil agus Teicneolaíochta
- Acmhainní Daonna
- Airgeadas

Aonaid:

- Iniúchadh agus Comhlíonadh
- Soláthar agus Ceannach Láraithe
- Tacaíocht Feidhmiúcháin
- An Ghaeilge

Ionad Spóirt

Cuideachta Réigiúnach Spóirt agus Fóillíochta Thrá Lí faoi Theorainn Ráthaíochta

Ba thiar in 2013 a bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí (BOO Chiarraí), i gcomhréir leis an Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. De réir an Achta sin, díscail na coistí gairmoideachais ar fud na hÉireann, agus aistríodh gach soláthar seirbhíse chuig na 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna nuabhunaithe. Le linn na tréimhse sin, díscail FÁS, an ghníomhaireacht náisiúnta a bhí freagrach as printíseachtaí agus clár oiliúna, agus rinneadh a sholáthar a lánpháirtíú sna Boird Oideachais agus Oiliúna sin freisin.

Tá BOO Chiarraí ann chun forbairt shochoaí na foghlama ar feadh an tsaoil i gCiarraí a chur chun cinn ionas go mbeidh rochtain ag gach duine a chónaíonn anseo ar oideachas agus ar oiliúint. Faoi choimirce na Roinne Oideachais agus SOLAS, táimid ag obair le 10 mbliana anuas chun tacú le daonra Chiarraí a gcumas a chomhlíonadh agus chun freastal ar a riachtanais phearsanta, shóisialta, chultúrtha, eacnamaíocha agus chathartha.

Tá BOO Chiarraí difriúil ó sholáthraithe oideachais agus oiliúna eile sa mhéid is go gcuireann sé réimse iomlán seirbhísí oideachais agus oiliúna ar fáil d'fhoghlaimoirí d'aois ar bith. Cuirtear ár seirbhísí fadréimseacha ar fáil ar fud an chontae agus áirítear na seirbhísí a leanas leo:

- Bunscolaíocht (pobalscoileanna náisiúnta)
- Iar-bhunscolaíocht (meánleibhéil)
- Ógtheagmháil
- Breisoideachas agus Oiliúint
- Áineas agus oideachas lasmuigh
- Tacaíocht d'Fhoghlaimoirí
- Foireann Oideachais agus Teanga Réigiúnach (REALT)

- An Óige
- Cruthaitheacht agus ceol
- An Ghaeilge
- Tacaíochtaí corparáideacha

Glacann BOO Chiarraí cur chuige ilghnéitheach agus oibríonn sé leis na Ranna Oideachais, Breisoideachais agus Oiliúna; Nuálaíochta agus Eolaíochta; Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige; agus SOLAS (an Ghníomhaireacht Stáit um Breisoideachas agus Oiliúint) chun ár seirbhísí a sholáthar, ag obair le páirtithe leasmhara áitiúla eile freisin ar fud na n-earnálacha pobail, deonacha, gnó, tionscail, oideachais agus tráchtála. Soláthraímid seirbhísí do bhur bpobal, ag soláthar na seirbhísí go léir ar an leibhéal áitiúil chun freastal ar éilimh áitiúla.

Tá BOO Chiarraí ar cheann de na soláthraithe oideachais agus oiliúna is mó ar an leibhéal áitiúil seo, agus bíonn breis is 2,900 scoláire bunscoile agus iar-bhunscoile agus 14,000 tairbhí² breisoideachais agus oiliúna ann gach bliain. Is mar gheall ar na foghlaimoirí sin atá an eagraíocht ar cheann de phríomhfhostóirí Chiarraí, agus timpeall ar 590 ball foirne páirtaimseartha agus 670 ball foirne lánaimseartha ag obair ar fud an chontae.

Tá stádas carthanachta ainmnithe ag BOO Chiarraí freisin (uimhir charthanais chláráithe: 20083243).

² Tagraítear le tairbhíthe do líon iomlán na n-ionad a glacadh sa bhliain. Ríomhtar é trí rolluithe a chur leis amháin an 1 Eanáir agus gach rollú ina dhiaidh sin i rith na bliana.

Misean agus Croíluachanna

Ár Misean

Forbairt shocháí na foghlama ar feadh an tsoil a chruthú agus a chur chun cinn i gCiarraí ionas go mbeidh rochtain ag gach duine a chónaíonn ann ar an oideachas agus ar an oiliúint a theastaíonn chun a gcumas a chomhlíonadh agus chun freastal ar a riachtanais phearsanta, shóisialta, chultúrtha, eacnamaíocha agus chathartha.

Ár Luachanna

Tá croíluachanna BOO Chiarraí dírithe ar a chinntiú go dteachtann gach duine an ceart rochtain a fháil ar dheiseanna oideachais agus oiliúna chun lán a gcumais a bhaint amach.

Tá sé mar aidhm againn na luachanna sin a chur chun feidhme go gníomhach trínár ngníomhartha agus trínár n-iompar.




Struchtúr na hEagraíochta

Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin atá freagrach as bainistíocht feidhmiúcháin BOO, agus tacaíonn triúr stiúrthóirí leis sa ról sin, is iad sin:

- Stiúrthóir Scoileanna, Óige agus Ceoil
- Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna
- Stiúrthóir um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta

Léirítear sna trí ról Stiúrthóra na trí cholún de sholáthar seirbhíse BOO, agus údarás á tharmligean go foirmiúil ar gach stiúrthóir ina ról de réir Alt 16 den Acht um BOO, 2013.

Léirítear sa chart seo a leanas struchtúr eagraíochta ardleibhéil BOO Chiarraí:



Creat Feidhmíochta Straitéisí

Agus forbairt shoचाई na foghlama ar feadh an tsaol á cruthú agus á cur chun cinn, tá sé mar aidhm ag BOO Chiarraí seirbhísí oideachais agus oiliúna comhsheasmhacha ar ardchaighdeán a sholáthar ar fud Chontae Chiarraí. Oibrímid chun tacú leis an bpobal áitiúil agus chun dul i bhfeidhm ar bhealach dearfach air.

Cuirtear i dtábhacht i Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí (2018–2022) ár bpríomhchuspóirí (ciorcal gorm thíos) don tréimhse tuairiscithe 2018 - 2022 (leagtar amach liosta iomlán spriocanna agus cuspóirí in Agusín I). Cuimsítear na príomhthosaíochtaí leis na cuspóirí sin a sainathníodh sa Chomhaontú Soláthair Feidhmíochta idir an Roinn Oideachais agus Scileanna agus BOO Chiarraí (ciorcal liath thíos). Dá bhrí sin, déantar achoimre ar ár gcreat feidhmíochta straitéisí mar a leanas:



Ár Múnla Tuairiscithe

Carntar i dTuarascáil Bhliantúil 2022 teimpléid tuairiscithe cur chun feidhme 2022 a forbraíodh don phlean seirbhíse agus gach doiciméad straitéiseach atá faofa ag Bord BOO Chiarraí, i.e. Straitéis Inbhuanaitheachta, Straitéis TFC agus an Scéim Teanga.

Príomhchinntitheach ar chur chun feidhme éifeachtach straitéise is ea faireachán leanúnach ar fheidhmíocht agus ar inoiriúnaitheacht gníomhaíochtaí agus táscairí chun athruithe inmheánacha agus seachtracha ar an gcomhshaol a chomhlíonadh. Go háirithe, cumasaítear seachadadh ár gcuspóirí le cultúr, cód iompair agus croíluchanna na heagraíochta atá mar bhonn agus mar thaca faoinár gcuid oibre chun cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.

Tá an Ráiteas Seirbhísí a leanas comhlánaithe agus curtha i dtoll a chéile ag Bainistíocht Shinsearach BOO. Déantar an próiseas sin, mar is gnách, faoi threoir agus faoi fhaomhadh Bhord BOO Chiarraí. Rinne BOO Chiarraí gach Sprioc Seachadta Feidhmíochta a mhapáil chuig Spriocanna Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí (Aguisín II).



Ráiteas maidir le Seirbhísí

Spríocanna Seachadta Feidhmíochta BOO Chiarraí/na Roinne Oideachais

Eispéireas an Scoláire/an Fhoghlaimeora a Optamú

| Tosaíocht Aitheanta | Gníomh Aitheanta | Táscaire Feidhmíochta | Torthaí (2022) |
|--|---|---|---|
| Eispéireas foghlama dearfach a sholáthar do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear foghlaimeoirí ó ghrúpaí imeallaithe | Tús curtha leis an mBeartas Oideachais don Lucht Siúil Fócas athnuaite ar rolluithe/naisc straitéiseacha le bunscóileanna, go háirithe maidir le scoláirí RSO/BTB/DEIS | An Beartas Oideachais don Lucht Siúil curtha chun feidhme | Múinteoir tacaíochta oideachais don Lucht Siúil ceaptha. Tús le cur leis an mBeartas Oideachais don Lucht Siúil in 2023 Tacaíocht a thairgtear do 66 duine den Lucht Siúil tairgthe ar fud na n-iar-bhunscóileanna le linn na bliana acadúla 2021-2022 Chun tacaíocht níos fearr a chur ar fáil do dhídeanaithe na hÚcráine agus d'iarthóirí tearmainn, tá an Coiste Stiúrtha um Fhreagairt na Cosanta Idirnáisiúnta agus REALT ag comhoibriú chun acmhainní agus seirbhísí a chomhordú dóibh siúd a ndearnadh difear dóibh |
| Tacú le foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil de réir an bheartais náisiúnta atá i bhfeidhm faoi láthair | Tús a chur le cur chun feidhme Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chearta an Duine agus Comhionannas | Tuarascáil mheasúnaithe tosaigh ar chearta an duine agus comhionannas a thabhairt chun críche agus tús a chur le cur chun feidhme moltaí | Bunaíodh meitheal chun tuarascáil mheasúnaithe agus plan forfheidhmithe Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chearta an Duine agus Comhionannas a chur chun cinn. Déanfar an fhaisnéis seo a chomhtháthú i dtimthriallta pleanála straitéisí BOO Chiarraí chun a chinntiú go gcuirfean an dualgas chun feidhme go héifeachtach ar bhonn timthriallach |
| A chinntiú go bhfuil na bearta cuí uile maidir le coimirce leanaí i bhfeidhm de réir na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscóileanna agus Iar-bhunscóileanna 2017 | Ár bPlean Inmheánach Faireacháin um Chosaint Leanaí a fhorbairt agus a chur chun feidhme | Tagann an Coiste Formhaoirseachta um Chosaint Leanaí le chéile dhá uair sa bhliain chun athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme na gcáipéisí um chosaint leanaí: oiliúint a chuirtear ar fáil gach bliain | Thuiriscigh gach scoil agus ionad comhlíontacht iomlán sa Tuarascáil Bhliantúil um Fhormhaoirseacht ar Chosaint Leanaí (Meitheamh 2022) Tagann an Coiste Formhaoirseachta um Chosaint Leanaí le chéile dhá uair sa bhliain chun athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme na gcáipéisí um chosaint leanaí Chun comhlíontacht leanúnach a chinntiú, cuireadh oiliúint um chosaint leanaí ar fáil do gach múinteoir nua, cúntóir riachtanas speisialta agus coimhdire bus |
| Comhlíonadh iomlán a chinntiú leis na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscóileanna agus Iar-bhunscóileanna 2017 | | | |

Cláir Chosanta

| Tosaíocht Aitheanta | Gníomh Aitheanta | Táscaire Feidhmíochta | Torthaí (2022) |
|---|--|--|---|
| Cúnamh don RO, de réir mar is gá, freastal ar na riachtanais a éiríonn as Clár Cosanta Dídeanaithe na hÉireann agus soláthar a dhéanamh d'iarraitasóirí cosanta idirnáisiúnta | Leanúint ar aghaidh ag tacú le foghlaimoírí idirnáisiúnta a chuimsiú | Cuirtear measúnuithe BTB agus ranganna aistarraingthe ar an gclár ama chun freastal ar riachtanais | c. Chláraigh 3,200 scoláire/ tairbhí cosanta idirnáisiúnta ar fud scoileanna BOO Chiarraí agus Breisoideachais agus oiliúna in 2022 c. 1,100 scoláire cosanta idirnáisiúnta curtha i scoileanna atá lonnaithe i gCiarraí ag REALT BOO Chiarraí |

Rialachas

| Tosaíocht Aitheanta | Gníomh Aitheanta | Táscaire Feidhmíochta | Torthaí (2022) |
|--|---|---|---|
| Rátaí tinrimh ar chruinnithe boird | Ba cheart do bhoird aonair béim a leagan arís ar an gceanglas maidir le freastal ar gach cruinniú boird de réir an Chóid Cleachtais do Rialachas BOOnna (Imlitir 0002/2019) | Coinneofar cláir thinrimh ar bhonn leanúnach | Coinnítear cláir tinrimh go comhsheasmhach, agus bíonn córam iomlán i láthair ag gach cruinniú Le linn na tréimhse tuairiscithe 2022, b'ionann ráta freastail an bhoird agus 75.9% |
| Féinmheasúnuithe Boird | Ba cheart do gach bord féinmheasúnuithe a dhéanamh, trí thagairt don cheistneoir atá in Imlitir 0002/2019, chun réimsí a shainaithint ina bhfuil gá le feabhsúcháin | Coinneofar taifid de thuarascálacha féinmheasúnaithe comhlánaithe | Rinneadh féinmheasúnú seachtrach in 2022 le tacaíocht ó sholáthraí tríú páirtí. Léirigh an suirbhé leibhéal ard sástachta boird ar an iomlán, le meánscór 4.54/5 |
| Saineolas airgeadais ar Choistí Iniúchóireachta agus Riosca | Ba cheart don bhord daoine a cheapadh chun na gCoistí Iniúchóireachta agus Riosca i gcomhairle le cathaoirligh na gcoistí. Ba cheart do chomhaltaí seachtracha na gcoistí na scileanna agus an taithí chúí a bheith acu le haghaidh an ról. | Beidh na cathaoirligh i gceannas ar phlé cuiditheach ar na príomhcheisteanna a thiocfaidh aníos | Rinneadh dhá cheapachán ar an gCoiste Airgeadais tar éis dul i gcomhairle le cathaoirleach an choiste |
| Breithmheas an Bhoird ar obair an Choiste Airgeadais agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca | Is é cathaoirleach gach boird a áiríteoidh go dtugtar tuairiscí scríofa do na comhaltaí boird maidir leis an obair a dtugann na Coistí Airgeadais agus Coistí Iniúchóireachta agus Riosca fúithi de réir mar is gá faoi Imlitir 0002/2019 | Cuirfear tuairiscí scríofa ó gach cruinniú Coiste faoi Alt 45 ar fáil ag an gcruinniú boird ina dhiaidh sin | Cuireadh tuairiscí ón dá choiste faoi bhráid an bhoird agus tugadh faoi deara i miontuairiscí an chruinnithe iad |

Rialachas

| Tosaíocht Aitheanta | Gníomh Aitheanta | Táscaire Feidhmíochta | Torthaí (2022) |
|--|--|---|--|
| Féinmheasúnú ag an gCoistí Airgeadais agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca | Ba cheart do chathaoirligh an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Choiste Airgeadais a áirithiú araon go gcuirfí cleachtadh féinmheasúnaithe i gcrích ar bhonn bliantúil de réir mar is gá faoi Imlitir 0002/2019 | Coinneofar taifid de thuarascálacha féinmheasúnaithe comhlánaithe. Beidh na cathaoirligh i gceannas ar phlé cuiditheach ar na príomhcheisteanna a thagann aníos | Cuireadh tuairiscí ón dá choiste faoi bhráid an bhoird agus tugadh faoi deara i miontuairiscí an chruinnithe iad |
| Forbairt foirne | Ba cheart don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an méid seo a leanas a áirithiú: <ul style="list-style-type: none"> go gceapfar ball foirne mar an bainisteoir oiliúna | Ball foirne a shainithint le bheith ag obair go héifeachtúil idir na colúin | Ábhar a ardaíodh le BOOÉ mar chuid de Dhearadh Eagraíochtúil II |
| | <ul style="list-style-type: none"> déantar anailís ar éilimh oiliúna sa bhainistíocht airgeadais ar bhonn bliantúil forbraítear agus cuirtear chun feidhme clár oiliúna sa bhainistíocht airgeadais | éilimh oiliúna sa bhainistíocht airgeadais le sásamh ar gach leibhéal líon foirne i rith na bliana | Fuair an Roinn Airgeadais oiliúint fhorleathan ar na córais airgeadais nua Soláthar Chun Pá (P2P) agus SUN Chríochnaigh gach réimse feidhme ábhartha oiliúint P2P. Ina theannta sin, tá roinnt seisiún oiliúna curtha ar fáil ó shin ag Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais agus ag an Roinn Airgeadais |
| Spríodhataí tuairiscithe na Roinne | Ba cheart cloí leis na spríodhataí tuairiscithe arna socrú ag an Roinn | Gach spríodhata tuairiscithe comhlíonta | Comhlíonadh gach spríodhata tuairiscithe |
| Beartas Bainistíochta Riosca | Ba cheart do bhord gach BOO a áirithiú go bhfuil próiseas ar bun go leanúnach chun sainiú a dhéanamh agus aghaidh a thabhairt ar na rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh a bheith ann le baint amach thorthaí an eintitis. Ba cheart don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca tacú leis an mBord sa ról seo | Feidhmiú céimneach agus forbairt leanúnach ar an mBeartas agus Creat Bainistíochta Riosca | Táthar ag dul i ngleic le bainistíocht riosca de réir Fhorálacha 7.1 agus 7.2 d'Imlitir 0002/2019 Rinneadh athbhreithniú ar an gClár Riosca Corparáideach faoi dhó sa tréimhse thuairiscithe, agus rinne an bord athbhreithniú ar thuairiscíú an fheidhmeannais maidir le bainistíocht riosca agus ar rialuithe gaolmhara D'fhaomh an bord an Beartas Bainistíochta Riosca athbhreithnithe agus an Ráiteas Inghlacthachta Riosca 2023 ag a chruinniú i mí na Nollag 2022 |
| Rialuithe inmheánacha | Ba cheart do bhord gach BOO a chinntiú go bhfaigheann sé dearbhú leordhóthanach go bhfuil rialuithe sonraithe ag feidhmiú mar is ceart | Áirithíonn an Bord go bhfaigheann sé ráthaíocht leormhaith go bhfuil na rialuithe sonraithe ag feidhmiú mar a bhí beartaithe | Léiríodh i dtorthaí foriomlána an mheasúnaithe ráta comhlíontachta 98% agus neamh-chomhlíontachta/obair idir lámha de 2% do na bearta ábhartha Níor tuairiscíodh aon teagmhas faoi Bheartas Frithchalaoise agus Frithéillithe BOO Chiarraí in 2022 |

Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí 2018–2022

Sprioc 1: Cláir a Aithnítear go Náisiúnta agus go hIdirnáisiúnta agus ag a bhfuil Dearbhú Cáilíochta

| Tosaíocht | Beart | Táscaire Feidhmíochta | Torthaí (2022) |
|-----------|---|--|--|
| 1.1 | Cláir nua Breisoideachais agus Oilíúna a fhorbairt | Beidh Phrintíseacht Náisiúnta um Theicneoir Cothabhála Tuirbíní Gaoithe le seoladh (an chéad iontógáil 16 foghlaimoirí) Athbhailíochtú a lorg ar phrintíseacht le haghaidh Commis Chef | Cheadaigh Bord Rialachais Chlár BOO Chiarraí 56 chúrsa in 2022, lena n-áirítear Réaltóireacht, Cadhcáil Cinnireachta Eachtraíochta ar Uisce Ciúin agus Dreapadóireacht faoi Dhíon Cuireadh tús leis an gcéad iontógáil don Phrintíseacht do Theicneoirí Cothabhála Tuirbíní Gaoithe an 7 Samhain 2022. Bhí 14 printíseach sa chéad iontógáil Fuarthas athbhailíochtú don phrintíseacht Commis Chef an 15 Márta 2022. |
| 1.2 | Leanúint ar aghaidh ag cinntiú go gcuirtear nósanna imeachta agus próisis chúil pleanála scoile agus féinmheastóireachta scoile chun feidhme inár n-iarbhunscoileanna uile. | Clár ar fáil do bhainistíocht agus do cheannairí uile na scoile | Coinnítear clár d'Fhéinmheastóireachtaí Scoile agus de Phleananna Feabhsúcháin Scoile agus tá sé ar fáil do phríomhoidí mar acmhainn foghlama chomhroinnte |
| | Athbhreithnithe leanúnacha dearbhaithe cáilíochta Music Generation Kerry (MGK) a chur i gcrích | Athbhreithniú déanta ar phleanoibre MGK ar bhonn sé mhí Tuairiscí staitistiúla a chur faoi bhráid Oifig Forbartha Náisiúnta Music Generation ar bhonn tráthúil | Bunaíodh Coiste Alt 44 do MGK, agus tionóladh an chéad chruinniú an 9 Márta 2022 Rinneadh athbhreithniú go tráthrialta ar phlean oibre an chlár, agus cuireadh tuairiscí staitistiúla faoi bhráid Oifig Forbartha Náisiúnta Music Generation Bhí an clár ag feidhmiú ar fud isteach is amach ar 25 scoil i gCiarraí in 2022 |
| | Láithreán gréasáin BOO Chiarraí a thabhairt cothrom le dáta | Iníúchadh ar an láithreán gréasáin le cur i gcrích agus moltaí le bheith curtha i ngníomh go rathúil | Cuireadh anailís Iniúchta agus SEO ar láithreán gréasáin BOO Chiarraí i gcrích i Ráithe 4, 2022. Moltaí a dtabharfar aghaidh orthu in 2023 |
| | Aip ionadaíochta a fhorbairt agus a fheidmiú go céimneach | Aip a d'fhorbair agus a úsáideann príomhoidí agus múinteoirí chun corrfholúntais a líonadh agus cur isteach orthu | Aip ionadaíochta le feidmiú go céimneach don bhliain acadúil 2023/2024 |

Sprioc 9: An Timpeallacht Oibre agus Foghlama a Fheabhsú

| Tosaíocht | Beart | Táscaire Feidhmíochta | Torthaí (2022) |
|-----------|---|---|--|
| 9.1 | Feabhas a chur ar an timpeallacht ina n-oibríonn an fhoireann | Cur chun cinn leanúnach an Chláir Cúnamh d'Fhostaithe Ba cheart aon athbhreithniú ar na Cairteacha Dínite agus Seirbhíse do Chustaiméirí a scaipeadh ar bhaill foirne agus ar pháirtithe leasmhara | Tá an Clár Cúnamh d'Fhostaithe á chur chun cinn go gníomhach Tá tús curtha le hathbhreithniú ar an gCairt Seirbhíse do Chustaiméirí agus ar an bplean gníomhaíochta de réir fhorbairt an Ráitis Straitéise nua 2023–2027. Cuirfear an chairt athbhreithnithe in iúl do na páirtithe leasmhara uile i Ráithe 3, 2023 |
| | Taifid phinsin stairiúla na foirne athbhreithnithe agus uaslódáilte chuig an gcóras Core Portal | Cur chun cinn leanúnach an Chláir Cúnamh d'Fhostaithe Ba cheart aon athbhreithniú ar na Cairteacha Dínite agus Seirbhíse do Chustaiméirí a scaipeadh ar bhaill foirne agus ar pháirtithe leasmhara | Is féidir le baill den Scéim Seirbhíse Poiblí Aonair féachaint ar a dteidlíochtaí scoir reatha. Is féidir le formhór na gcomhaltaí de gach scéim eile féachaint ar a dteidlíochtaí reatha agus tá an tsaoráid chun sochair scoir a thuar ar fáil |
| | Cur chun feidhme leanúnach chomhdú digiteach comhad AD | Is féidir le céatadán mór den fhoireann rochtain a fháil ar mhodúl pinsin Core Portal chun sochair scoir a thuar | Tá comhaid leictreonacha curtha ar bun do gach ball foirne a ceapadh in 2022 agus dul chun cinn déanta maidir le comhaid na foirne a ceapadh roimh Mheitheamh 2021 Feabhsaíodh rochtain ar thaifid foirne chun agaí freagartha a fheabhsú |

Sprioc 9...

| Tosaíocht | Beart | Táscaire Feidhmíochta | Torthaí (2022) |
|-----------|--|--|---|
| 9.1... | Córais nua Purchase 2 Pay (P2P) agus Sun Financial a leabú | Comhaid leictreonacha i bhfeidhm do gach ball foirne a ceapadh in 2022 agus dul chun cinn déanta maidir le comhaid na foirne a ceapadh roimh Mheitheamh 2021 Rochtain ar thaifid foirne chun agaí freagartha a fheabhsú | Gach soláthar breisoideachais agus oiliúna le haistriú go córas airgeadais SUN i Ráithe 1, 2023 D'éirigh le BOO Chiarraí samhail ASCL a chur chun feidhme go rathúil do gach scoil, ionad, clár agus campas Tá oiliúint ábhartha faighte ag baill foirne i ngach réimse de BOO Chiarraí ar an gcóras nua |
| 9.2 | Teagmháil leanúnach leis an mbainistíocht chun riachtanais oiliúna a shainaithint | Ba cheart d'inseirbhís na mbainisteoirí líne aghaidh a thabhairt ar riachtanais bhainistíochta agus inniúlacht ceannaireachta a fhorbairt ag an am céanna | Cuireadh tús leis an gClár Ceannaireachta/ Ceannaireachta Oiriúnaithí i Ráithe 3, 2022, agus béim ar scileanna na gceannairí sinsearach a fheabhsú |
| 9.3/9.7 | Cultúr foghlama ar feadh an tsaoil a chothú laistigh de thimpeallacht na foirne | Chríochnaigh an fhoireann FGL ábhartha laistigh de na buiséid a bhí ar fáil di | Chríochnaigh an fhoireann FGL ábhartha laistigh de na buiséid atá ar fáil di Tugadh athbhreithniú buiséid chun críche i mí Dheireadh Fómhair 2022 chun leithdháileadh buiséid FGL ar fud na scéime a chinntiú do 2023 |
| 9.4 | Leanúint ar aghaidh ag forbairt clár agus réimse straitéisí coiscitheacha agus réamhghníomhacha chun meabhairshláinte dhearfach na scoláirí, na bhfoghlaimeoirí agus na foirne a fheabhsú. | Ba cheart go gcinnteodh conradh nua seirbhísí comhairleoireachta go gcoinneofaí ar bun an tacaíocht ar fud na scéime Ba cheart don réimse iomlán seirbhísí tacaíochta atá ar fáil aghaidh a thabhairt ar ábhair inní meabhairshláinte na bhfoghlaimeoirí | Tá seirbhísí comhairleoireachta nua curtha chun feidhme chun a chinntiú go gcoinnítear ar bun an tacaíocht ar fud na scéime Ba cheart aghaidh a thabhairt leis an réimse iomlán seirbhísí tacaíochta atá ar fáil aghaidh ar ábhair inní meabhairshláinte na bhfoghlaimeoirí |
| 9.5 | Leanúint ar aghaidh ag forbairt clár agus réimse straitéisí coiscitheacha agus réamhghníomhacha chun meabhairshláinte dhearfach na scoláirí, na bhfoghlaimeoirí agus na foirne a fheabhsú | Ba cheart Beartas Folláine na Scoileanna a fhorbairt i gcomhairle le pobail chleachtais um Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) | D'fhorbair seacht n-iar-bhunscoil pleananna folláine |
| 9.6 | Leanúint le dea-chleachtas sláinte agus sábháilteachta a leabú ar fud na scéime | Ba cheart go n-áiritheofaí le conradh nua sláinte agus sábháilteachta go leanfar de bheith ag cloí le cleachtas sláinte agus sábháilteachta Tugann cruinnithe athbhreithnithe ráithiúla na stiúrthóireachta sláinte agus sábháilteachta aghaidh go pras ar gach ábhar a thagann chun cinn faoi gach colún | Mar thoradh ar chur i gcrích Iniúchadh Inmheánach AII-BOO ar Shláinte agus Sábháilteacht, bhí tuarascáil tuairime ann ina raibh torthaí leormhaithe Tugtar aghaidh go pras i gcruinnithe athbhreithnithe ráithiúla na stiúrthóireachta sláinte agus sábháilteachta ar gach ábhar a thagann chun cinn faoi gach colún. Tuairiscí a eisiúint do gach ball foirne |

Sprioc 9...

| Tosaíocht | Beart | Táscaire Feidhmíochta | Torthaí (2022) |
|-----------|--|--|--|
| 9.8 | Punann Caipitil agus Foirgneamh a chur chun cinn (SÓ&C) | Ba chóir go mbeadh gach togra caipitil cineachta ag dul ar aghaidh (Coláiste na Ríochta, Gaelscoil Lios Tuathail, Gaelcholáiste Chiarraí, Scoil Náisiúnta Lios Teilice, síntí scoileanna, cóiríocht ceannoifige srl.) | <p>Le linn 2022, ceadaíodh iarratais ar mhaoiniú caipitil do scoileanna faoi Scéim na nOibreacha Samhraidh, Scéim na nOibreacha Éigeandála, agus an Scéim Cóiríochta Breise, dar luach thart ar €20 milliún</p> <p>Rinneadh dul chun cinn suntasach ar Ghaelcholáiste Chiarraí Nua agus Scoil Náisiúnta Lios Teilice. Tá sé beartaithe an dá aistriú a dhéanamh i Ráithe 1, 2023</p> |
| 9.9 | Punann Caipitil agus Foirgneamh a chur chun cinn (Breisoideachas agus Oiliúna) | <p>Ba cheart dul chun cinn a dhéanamh ar gach tionscadal caipitil breisoideachais agus oiliúna, go háirithe:</p> <ul style="list-style-type: none"> Oibreacha/feistiú Champas Choláiste Chiarraí, Lios Tuathail Aighneacht Caipitil SOLAS do Champas Choláiste Chiarraí Chill Airne agus Campas Mhóin an Bhaile Oibreacha tógála ar fud ionaid Breisoideachais agus Oiliúna | <p>I mí Lúnasa 2022, críochnaíodh oibreacha athchóirithe ar Oifig Iontrála nua Choláiste Chiarraí Chill Airne ag 25 An tSráid Ard, Cill Airne, lena áitiú</p> <p>I mí Mheán Fómhair 2022, fuarthas faomhadh chun dul ar aghaidh chuig Geata Cinnidh 1 le haghaidh dhá aighneacht chaipitil maidir leis an gCiste Uasghrádaithe Bonneagair Straitéisigh: Campais Choláiste Chiarraí, Lios Tuathail agus Mhóin an Bhaile. Is ionann na tionscadail sin agus infheistíocht ilmhilliún euro i mbreisoideachas agus oiliúint i gCiarraí</p> <p>Osclaíodh Campas nua Choláiste Chiarraí Lios Tuathail d'fhoghlaimoirí i mí Mheán Fómhair 2022. Leanfaidh ar aghaidh leis na hoibreacha feistithe in 2023</p> <p>I mí na Samhna 2022, d'fhógair an tAire FHERIS faomhadh foirmiúil chun dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile i bhforbairt Choláiste na Todhchaí i gCill Airne (aighneacht chaipitil maidir le Tuarascáil Mheasúnaithe Straitéisigh). Tá BOO Chiarraí fós ag fanacht ar fhreagra maidir leis an dara hiarratas, Campas Choláiste Chiarraí, Cill Orglan (suíomh Chathair Saidhbhín)</p> <p>Tá oibreacha caipitil ag Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Uí Chonaill agus Campas Bhóthar na Claise Choláiste Chiarraí ar siúl faoi láthair</p> |

Bearta Feidhmíochta

Rolluithe Scoileanna:

| Rolluithe | 2020/2021 | 2021/2022 | Difríocht |
|---|--------------|--------------|-------------|
| Scoil Náisiúnta Phobail Scoil an Ghleanna | 15 | 21 | +6 |
| Pobalscoil Náisiúnta Thathuile | 20 | 24 | +4 |
| Pobalscoil Náisiúnta an Dá Mhíle | 33 | 38 | +5 |
| Coláiste Pobail Oileán Chiarraí | 259 | 309 | +50 |
| Scoil Chuimsitheach an Tóchair | 514 | 550 | -35 |
| Coláiste Gleann Lí | 237 | 253 | +16 |
| Coláiste na Ríochta | 118 | 144 | -26 |
| Coláiste na Sceilge | 523 | 534 | +11 |
| Gaelcholáiste Chiarraí | 350 | 338 | -12 |
| Coláiste Pobail Chill Airne | 378 | 392 | +14 |
| Coláiste Pobail Chill Orglan | 302 | 280 | -22 |
| | 2,749 | 2,883 | +134 |

Rannpháirtithe UBU:

| Tionscadal UBU | Bliain | Eagraíocht Bhronnta | Rannpháirtithe |
|--------------------|--------|--------------------------------|----------------|
| Oileán Chiarraí | 2021 | Seirbhís Óige Dheoise Chiarraí | 85 |
| | 2022 | Seirbhís Óige Dheoise Chiarraí | 114 |
| Lios Tuathail | 2021 | Seirbhís Óige Dheoise Chiarraí | 110 |
| | 2022 | Seirbhís Óige Dheoise Chiarraí | 285 |
| Trá Lí | 2021 | Seirbhís Óige Dheoise Chiarraí | 138 |
| | 2022 | Seirbhís Óige Dheoise Chiarraí | 241 |
| Cill Airne | 2021 | Seirbhís Óige Dheoise Chiarraí | 55 |
| | 2022 | Seirbhís Óige Dheoise Chiarraí | 109 |
| RINK | 2021 | N/A | N/A |
| | 2022 | Seirbhís Óige Dheoise Chiarraí | 14 |
| Uíbh Ráthach Thiar | 2021 | N/A | N/A |
| | 2022 | Foróige | 151 |

Scéimeanna Maoiniúcháin Eile

| Scéimeanna Maoiniúcháin Eile | Bliain | Eagraíocht Bhronnta | Rannpháirtithe |
|--|--------|--|--|
| Ionaid Faisnéise don Óige | 2021 | Seirbhís Óige Dheoise Chiarraí | 2,306 |
| | 2022 | Seirbhís Óige Dheoise Chiarraí | 2,844 |
| Scéim Deontais do Chumainn Óige Áitiúla (lena n-ionchorpraítear na Caighdeáin Náisiúnta do Ghrúpaí Óige faoi stiúir Oibríthe Deonacha) | 2021 | 24 cumann/ghrúpa óige cleamhnaithe agus 1 chumann/ghrúpa óige neamh-chleamhnaithe | 927 |
| | 2022 | 31 cumann/ghrúpa óige cleamhnaithe agus 1 chumann/ghrúpa óige neamh-chleamhnaithe | 1,387 |
| Caipiteal Obair don Ógra (do Sheirbhísí Óige agus Cumainn/Grúpaí) | 2021 | Figiúirí rannpháirtithe a tuairiscíodh faoi scéimeanna maoiniúcháin eile atá liostaithe thuas 19 gcumann/ngrúpa óige cleamhnaithe agus 1 chumann/ghrúpa óige neamh-chleamhnaithe | 658 |
| | 2022 | Seirbhís Óige Dheoise Chiarraí | <i>Figiúirí rannpháirtithe a tuairiscíodh faoi scéimeanna maoiniúcháin eile atá liostaithe thuas</i> |
| UBU RINK 2022 Leithdháileadh Socraithe | 2022 | Seirbhís Óige Dheoise Chiarraí | <i>Figiúirí rannpháirtithe a tuairiscíodh faoi scéimeanna maoiniúcháin eile atá liostaithe thuas</i> |
| Deontas | 2022 | Seirbhís Óige Dheoise Chiarraí | <i>Figiúirí rannpháirtithe a tuairiscíodh faoi scéimeanna maoiniúcháin eile atá liostaithe thuas</i> |
| Scéim Miondeontais chun Tacaíochtaí Breise Aonuaire a Sholáthar do Dhaoine Óga | 2022 | Cumainn Ógra Sheirbhís Óige Dheoise Chiarraí UBU/YIC Sheirbhís Óige Dheoise Chiarraí Banóglaigh na hÉireann An Chéad Ghrúpa Gasóg Chiarraí, Trá Lí An 15ú Grúpa Gasóg Chiarraí, An tSnaidhm Suirbhé Óige BOO Chiarraí maidir le: Riachtanais Uilíocha | <i>Figiúirí rannpháirtithe a tuairiscíodh faoi scéimeanna maoiniúcháin eile atá liostaithe thuas</i> |
| Tionscnamh Tacaíochta Spriocdhíríte d'Infhostaitheacht Óige 2021–2022 | 2022 | Ionad Acmhainne Teaghlaigh Lios Tuathail | 4 |

Tairbhithe Breisoideachais agus Oiliúna

| Clár | 2021 | 2022 | Difríocht |
|------------------------|--------------|---------------|---------------|
| Fostaíocht/Forchéimniú | 2382 | 2622 | +240 |
| Printíseacht | 490 | 975 | +485 |
| Páirtaimseartha | 1745 | 2,115 | +370 |
| Ógtheagmháil/CTC | 187 | 227 | +40 |
| Conairí | 313 | 491 | +178 |
| Litearthacht d'Aosaigh | 1,455 | 5,020 | +3,565 |
| Oideachas Pobail | 1,668 | 2,581 | +913 |
| Iomlán | 8,240 | 14,031 | +5,791 |



| Catagóir an Chláir | 2022 Beartaithe | Iarbhír | Difríocht |
|--|-----------------|---------------|---------------|
| Grúpaí Litearthachta d'Aosaigh | 922 | 1,014 | 92 |
| Printíseacht 2016+ | 56 | 42 | -14 |
| Céim 2 den Phrintíseacht | 434 | 428 | -6 |
| Céim 4 den Phrintíseacht | 288 | 236 | -52 |
| Céim 6 den Phrintíseacht | 144 | 132 | -12 |
| Céim 7 den Phrintíseacht | 147 | 137 | -10 |
| Oiliúint i Nasc-Chúrsaí agus Bonnchúrsaí | 101 | 241 | 140 |
| Grúpaí de chuid an Tionscnaimh um Fhilleadh ar Oideachas | 1,745 | 1,343 | -402 |
| Oideachas Pobail | 1,400 | 2,581 | 1181 |
| Ionaid Oiliúna Phobail | 45 | 46 | 1 |
| BCTE | 504 | 3,829 | 3325 |
| Oiliúint Tráthnóna | 624 | 710 | 86 |
| Uaireanta Comhair BOaO | 26 | 28 | 2 |
| DTOBA | 28 | 84 | 56 |
| r-Choláiste ar líne | 0 | 62 | 62 |
| IAT | 1,318 | 1,343 | 25 |
| Scileanna Oibre | 32 | 63 | 31 |
| Scileanna chun Dul chun Cinn | 421 | 434 | 13 |
| Soláthraithe Oiliúna Speisialaithe | 148 | 187 | 39 |
| Oiliúint i Scileanna Sonracha | 525 | 422 | -103 |
| Cúrsaí Oiliúna | 347 | 423 | 76 |
| Teagasc Deonach Litearthachta | 6 | 2 | -4 |
| Bunchúrsaí SDOG | 116 | 63 | -53 |
| Ógtheagmháil | 178 | 181 | 3 |
| Iomlán | 9,555 | 14,031 | +5,791 |

Ár dTuarascálacha Straitéiseacha

Straitéis Inbhuanaitheachta 2020–2022

In Éirinn, leagtar amach san Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021 an creat dlíthiúil do ghníomhú ar son na haeráide agus ceanglaítear leis ar chomhlachtaí poiblí pleananna oiriúnaithe earnála agus pleananna maolaithe gás ceaptha teasa a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Chomh maith leis an Acht, tá spriocanna soiléire leagtha síos sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide agus sna pleananna um gníomhú ar son na haeráide ina dhiaidh sin maidir le hastaíochtaí a laghdú agus éifeachtúlacht fuinnimh ar fud na hearnála. Is ionann na spriocanna sin agus laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa foriomlána faoi 2030 agus feabhas 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh na hearnála poiblí, rud a chuireann ar an mbealach sinn chun astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach faoi 2050.

Leagtar amach i Sainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide 2022 tacaíocht a thabhairt do chomhlachtaí san earnáil phoiblí a bhfuil dea-shampla léirithe acu maidir le gníomhú ar son na haeráide. Is mar a leanas iad na spriocanna atá sna áireamh sa phlean:

Ár Spriocanna

- Astaíochtaí gáis ceaptha teasa a laghdú 51% in 2030.
- An feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh san earnáil phoiblí a mhéadú ón sprioc 33% in 2020 go 50% faoi 2030.
- Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur i dtoll a chéile.

Ár nDaoine

- Foirne Glasa a bhunú agus acmhainní a chur ar fáil dóibh, a thuairiscíonn don bhainistíocht shinsearach, le bheith ina bpáirtithe imeasctha taobh thiar den inbhuanaitheacht i ngach comhlacht na hearnála poiblí.
- Comhalta den Bhord Bainistíochta a ainmniú mar Churadh Aeráide agus Inbhuanaitheachta a bheidh freagrach as an Sainordú a chur chun feidhme agus as tuairisciú air.
- Oiliúint iomchuí um ghníomhú ar son na haeráide agus inbhuanaitheacht (oiliúint theicniúil agus iompraíochta) a ionchorprú i straitéisí foghlama agus forbartha don fhoireann.
- Ceardlanna foirne a eagrú (uair amháin sa bhliain ar a laghad) chun dul i ngleic le fadhbanna aeráide, lena n-áirítear fócas ar lorg carbóin na heagraíochta a laghdú.
- Ár Modh Oibre Tuairisc a thabhairt ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus gníomhaíochtaí inbhuanaitheachta sa tuarascáil bhliantúil
- Athbhreithniú a dhéanamh ar aon phróisis pháipéarbhunaithe, agus meastóireacht a dhéanamh ar na féidearthachtaí maidir le digitíú ionas go mbeidh sé ina chur chuige réamhshocraithe.
- Creidiúnú foirmiúil comhshaoil a bhaint amach do chomhlachtaí móra san earnáil phoiblí, amhail ISO 50001 (Caighdeán Bainistíochta Fuinnimh) nó ISO 14001 (Córas Bainistíochta Comhshaoil).

Ár bhFoirgnimh agus Feithiclí

- Foirgnimh atá oiriúnach do rothair a chruthú d'fhostaithe agus do chuairteoirí, trí rotharchlós a bhunú faoi 2022 – atá slán,

inrochtana agus simplí do rothaithe lena aithint agus le húsáid a bhaint as.

- Deimhniú Fuinnimh Taispeána cothrom le dáta a thaispeáint i ngach foirgneamh poiblí atá ar oscailt don phobal chun ídiú fuinnimh a thaispeáint go soiléir.
- Ní dhéanfaidh an earnáil phoiblí córais téimh a shuiteáil a ídíonn breoslaí iontaise tar éis 2023, ach amháin má tá feidhm ag ceann amháin ar a laghad de na heisceachtaí a leanas:

- o ní úsáidtear an breosla iontaise ach amháin trí ídiú leictreachais ón eangach;
- o níl aon rogha neamh-iontaise ann atá inmharthana go teicniúil (go ginearálta ní bhaineann sé ach le húsáidí chun críoch áirithe seachas téamh spáis);
- o trí chóras téimh spáis in-athnuaite a shuiteáil, mhéadófaí astaíochtaí CO₂ deiridh.
- o cuirtear an t-ídiú breosla iontaise ar fáil chun críocha cúltaca, buaicéilimh nó oibríochtúla (agus is ionann í agus níos lú ná 10% d'fhuinneamh téimh bliantúil);
- o i gcás ina bhfuil gá le hathsholáthar díreach ar théamh breosla iontaise atá ann cheana chun críche cothabhála éigeandála.

- Gan ach feithiclí astaíochtaí nialasacha a cheannach i gcás inarb infhaighte agus inarb indéanta ar bhonn oibríochtúil ó dheireadh 2022, rud a chuirfidh ar chumas d'Éirinn dul thar cheanglais na Treorach um Fheithiclí Glana agus gníomhú mar cheannaire idirnáisiúnta sa réimse sin.

Tá sé beartaithe ag BOO Chiarraí tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis na spriocanna sin ó 2023 ar aghaidh de réir

ár Straitéise Inbhuanaitheachta nua 2023–2025, atá le seoladh níos déanaí in 2023.

Agus 2022 mar an bhliain dheireanach don straitéis, tá dul chun cinn déanta le dhá mhí dhéag anuas chun an Straitéis Inbhuanaitheachta 2020–2022 a chur chun feidhme. Tá roinnt buaicphointí ó 2022 san áireamh thíos (neamh-uileghabhálach):

- Tá gach bunscoil agus iar-bhunscoil rannpháirteach go gníomhach i gclár Brat Glas An Taisce agus baineann go leor acu il-Bhrait Ghlasa amach (c.20).
- Chuir ionaid Bhreisoideachais agus oiliúna a n-iarrachtaí inbhuanaitheachta in oiriúint chun freastal ar riachtanais shonracha agus acmhainní agus smaointe comhroinnte trí chruinnithe na nIonadaithe Inbhuanaitheachta.
- Rinne BOO Chiarraí iniúchtaí fuinnimh ar 14 láithreán le cúnamh ón gcomhairleoir tríú páirtí Antaris Consulting. Léiríodh tuarascálacha ó na hiniúchtaí sin ina raibh moltaí don BOO gníomhú sna míonna agus sna blianta amach romhainn chun inbhuanaitheacht a fheabhsú agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus tréimhsí aisíoca sainaitheanta do gach ionad.
- Rátáil íosta BER a chur san áireamh i bhfoirgnimh léasaithe de réir mar is féidir.
- Suiteáladh roinnt pointí luchtaithe d'fheithiclí leictreacha ag láithreacha Choláiste Chiarraí agus ionad Breisoideachais agus oiliúna chun tacú leis an straitéis náisiúnta um bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha.
- Tionóladh cruinnithe d'ionadaithe inbhuanaitheachta le hionadaithe ó gach láthair de chuid BOO Chiarraí.

Chomh maith leis an méid thuas, fuarthas

léargais luachmhara le linn chur chun feidhme tosaigh na straitéise, a chuir bonn eolais faoinár n-iarrachtaí inbhuanaitheachta amach anseo a leagtar amach i Straitéis Inbhuanaitheachta 2023–2025.

Straitéis TFC 2020–2022

Bhí an dá mhí dhéag seo caite tábhachtach do BOO Chiarraí agus muid ag tosú ag obair ar ár n-ardán nua Microsoft Office 365. Le tacaíocht ó sholáthraí tríú páirtí, tá ailtireacht nua Microsoft Office á tógáil le tacaíocht ó thrí réimse phíolótacha, Roinn CCT (T&FE), Aonad um Dhearbhú Cáilíochta (Breisoideachas agus Oiliúint) agus Scoil Chuimsitheach an Tóchair (SÓ&C), ó gach ceann de thrí cholún na heagraíochta. Beidh ailtireacht nua Microsoft Office “Kollab” ina hardán aonair nua Microsoft Office 365 a chuirfear i bhfeidhm go hiomlán ar fud na scéime, a mbeidh rochtain ag gach ball foirne, foghlaimoír agus páirtí leasmhar ábhartha uirthi. Tiocfaidh an t-ardán aonair seo go suntasach in ionad na n-iltionóntachtaí atá in úsáid faoi láthair ar fud BOO Chiarraí, áit a bhféadfadh suas le dhá nó trí chuntas ríomhphoist a bheith ag úsáideoir, ag brath ar a suíomh.

De réir mar a thagann deireadh le 2022, tá na cláir phíolótacha á dtástáil ar fud na dtrí réimse phíolótacha, agus sainaitníodh gníomhaíochtaí breise in 2023 chun feidhmiú céimneach uile-scéime a bhaint amach.

Scéim Teanga 2020–2023

In Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 déantar foráil maidir le hullmhú scéime teanga ag comhlachtaí poiblí ina sonraítear na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil trí na meáin a liostaítear thíos agus na bearta atá le glacadh chun a

chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach bhfuil á soláthar faoi láthair ag an gcomhlacht trí mheán na Gaeilge a sholáthar amhlaidh laistigh de thréimhse ama chomhaontaithe.

- i nGaeilge
- i mBéarla; agus
- i nGaeilge agus i mBéarla

Baineann scéim reatha Gaeilge BOO Chiarraí leis an tréimhse 2020–2023. Go háirithe, tá an scéim seo á treorú ag an bprionsabal gur cheart go mbeadh soláthar seirbhísí Gaeilge bunaithe ar an méid seo a leanas:

- An bunleibhéal éilimh ar sheirbhísí ar leith i nGaeilge,
- An tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach i leith seirbhísí den chineál sin a sholáthar, agus
- Na hacmhainní, idir acmhainní daonna agus acmhainní airgeadais, agus inniúlacht an chomhlachta lena mbaineann an cumas teanga riachtanach a fhorbairt nó rochtain a fháil air.

Príomhfhócas do BOO Chiarraí in 2022 ba ea an bhéim ar acmhainní. Le linn na bliana féilire seo caite, tá iarrachtaí suntasacha déanta againn cead a fháil d’Oifigeach Gaeilge nua do BOO Chiarraí chun cabhrú leis an Scéim Teanga 2021–2023 a chur chun feidhme agus chun tacú le hAcht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 a chur chun feidhme. Tá cás gnó curtha faoi bhráid na Ranna faoi seach inar lorgaíodh cead do ról Oifigeach Gaeilge do BOOanna. Chuir BOOÉ an cás gnó sin isteach thar ceann na hearnála an 18 Samhain 2022.



Aguisín I: Gluais Téarmaí agus Liosta Táblaí

| Téarma | Sainmhíniú | OCG | Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta |
|---------|--|--|--|
| AD | Acmhainní Daonna | OSPS | An tOideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte |
| AII-BOO | An tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí-Boird Oideachais agus Oiliúna | POF | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin |
| ASCL | Aonad Soláthair agus Ceannaigh Láraithe | RAB | Ráitis Airgeadais Bhliantúla |
| BCTE | Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile | RCPA | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe |
| BOO | Bord Oideachais agus Oiliúna | REALT | Foireann Réigiúnach Béarla agus Teanga |
| BOO | Breisoideachas agus Oiliúint | RLCMLÓ | An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige |
| BOOÉ | Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann | RO | An Roinn Oideachais |
| BTB | Béarla mar Theanga Bhreise | RRI | Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach |
| CÁÓI | Comhpháirtíocht Áitiúil um Óige Ildánach DEIS Comhdhiseanna a Sholáthar i Scoileanna | RSO | Riachtanais Speisialta Oideachais |
| CFPÁ | Coiste Forbartha Pobail Áitiúil | SCGO | Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais |
| CRS | Cúntóir Riachtanas Speisialta | SEO | Barrfheabhsú d'Innill Chuardaigh |
| CTFC | Córas Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí Cláir | SFFS | Scoileanna a Fhorbairt, Foghlaim a Shaibhriú |
| DC | Dearbhú Cáilíochta | SÓ&C | Scoileanna, Óige agus Ceol |
| DCCÉ | Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann | TD | Teachta Dála |
| DUF | Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim | TFC | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide |
| FCT | Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta | T&FE | Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta |
| FGL | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach | | |
| IBOOA | Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Allamuigh ITLM Iarraidh agus Tuairisciú ar Leithdháileadh Maoinithe | Tábla | |
| LADTI+ | Leispiach, aerach, déghnéasach, trasinscneach agus idirghnéasach | <i>1: Freastal Comhaltaí Boird</i> | 7 |
| MGK | Music Generation Chiarraí | <i>2: Clár Tinrimh agus Minicíocht Chruinnithe an Choiste Iniúchta agus Riosca</i> | 8 |
| | | <i>3: Clár Tinrimh agus Minicíocht Chruinnithe an Choiste Airgeadais</i> | 8 |

Aguisín II: Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí 2018–2022

Sprioc 1: Cláir a Aithnítear go Náisiúnta agus go hIdirnáisiúnta agus ag a bhfuil Dearbhú Cáilíochta

1. Athbhreithniú a dhéanamh ar ár gcláir bhreisoideachais agus oiliúna agus ár dtairiscintí cúrsaí atá ann faoi láthair lena chinntiú go bhfuil siad ailínithe leis an gCreat Náisiúnta do Cháilíochtaí agus go n-aithnítear go hidirnáisiúnta iad.
2. Leanúint ar aghaidh ag cinntiú go gcuirtear nósanna imeachta agus próisis chuí pleanála scoile agus féinmheastóireachta scoile chun feidhme inár n-iar-bhunscoileanna uile.
3. Leanúint de bheith ag tacú le forbairt agus cur chun feidhme éifeachtach an Chreata Náisiúnta um Chaighdeán Cháilíochta d'earnáil obair don aos óg.
4. A chinntiú go gcuirtear nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta chun feidhme go comhsheasmhach inár gcláir oideachais agus oiliúna ar gach leibhéal.
5. Leanúint ar aghaidh ag ullmhú ár scoileanna /gcoláistí /lárionad le haghaidh cigireachtaí seachtracha, cuairteanna faireacháin comhairleacha agus dearbhaithe cáilíochta agus cur chun feidhme éifeachtach mholtaí/ thorthaí na gcigireachtaí/ gcuairteanna sin a chinntiú.

Sprioc 2: Teagasc agus Foghlaim ar Ardchaighdeán

1. Tacú le straitéisí um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) agus dearbhú cáilíochta a fhorbairt do gach duine a bhfuil baint acu le seachadadh an chlár.
2. Tacaíocht agus acmhainní a thabhairt do chleachtas teagasc agus foghlama chuimsitheacha/dhifreáilte i ngach ceann dár scoileanna/coláistí/ionaid/cláir.
3. Tacú le forbairt iomlánaíoch scoláirí agus foghlaimeoirí trí chorpoideachas ardchaighdeán a chur ar fáil ag gach leibhéal, is é sin bunoidreachas, iar-bhunoideachas agus breisoideachas agus breisoiliúint.
4. Cultúr nuálaíochta agus cleachtas mhachnamhaigh a chur chun cinn, lena n-áirítear forbairt líonraí foghlama, pobail chleachtas agus comhroinnt an dea-chleachtas.
5. Teicneolaíochtaí nua atá ag teacht chun cinn a chomhtháthú chun cáilíocht an teagasc agus na foghlama a fheabhsú.
6. Deiseanna a chruthú chun éascú do scoláirí/foghlaimeoirí a gcuid foghlama a phleanáil agus a athbhreithniú go gníomhach.
7. Cultúr a chruthú ina ndéantar sármhaitheas agus éachtaí na bhfoghlaimeoirí agus na foirne a cheiliúradh.
8. Cur chuige a chur chun feidhme maidir le forbairt curaclaim agus clár ina leagtar béim ar shaincheapadh ábhair do riachtanais foghlaimeoirí, fostaithe, pobal agus príomhthosaíochtaí scileanna réigiúnacha.
9. A chinntiú gur féidir le scoláirí agus foghlaimeoirí BOO Chiarraí foghlaim i dtimpeallacht foghlama shábháilte, nua-aimseartha.
10. Treoirínte náisiúnta um fholláine a chomhlíonadh agus a chur chun cinn agus tacaíocht leordhóthanach a chinntiú do dhaltaí, do scoláirí agus d'fhoghlaimeoirí.

Sprioc 3: Freagraí Nuálacha Oideachais agus Oiliúna

1. Freagairt leanúnach ar an déimeagrafaic atá ag athrú i gCiarraí agus ár soláthar seirbhíse a phleanáil dá réir, i gcás inar féidir.
2. Freagairt go héifeachtach do riachtanais fostóirí agus an gheilleagair trí réitigh nuálacha agus chruthaitheacha.

3. Ár gcumas a bheith freagrúil do dhúshláin sochaí ilchultúrtha a fhorbairt.
4. Leanúint le freagairtí nua a athnuachan agus a fhorbairt chun rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna a fheabhsú.
5. Úsáid deiseanna solúbtha foghlama a chur chun cinn, lena n-áirítear soláthar clár ar líne, cumaiscthe, atá roinnte i seimeastair agus foghlama oíche.
6. I gcomhar le SOLAS agus i gcomhréir leis an Straitéis Bhreiseoideachais agus Oiliúna 2014-2019, cláir oideachais agus oiliúna a shainnithint agus a sholáthar chun daoine óga agus daoine fásta a ullmhú le haghaidh dul chun cinn agus deiseanna fostaíochta amach anseo.
7. Forbairt straitéisí a spreagadh agus acmhainní a thabhairt chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ag scoláirí ag aistriú ón gcóras bunscoile go dtí ár n-iar-bhunscoileanna agus coláistí.
8. Leanúint ar aghaidh ag tacú le freagairtí oibre óige atá bunaithe ar riachtanais a fhorbairt i gCiarraí.

Sprioc 4: Rochtain agus Dul chun Cinn

1. Aitheantas a thabhairt don fhoghlaim roimhe seo i gcomhréir le treoirlínte náisiúnta chun rochtain ar chlár oideachais agus oiliúna a éascú.
2. Tacaíocht oideachais agus gairmthreorach a sholáthar d'fhoghlaimoírí chun deiseanna rochtana agus dul chun cinn a uasmhéadú.
3. Feabhas a chur ar ár straitéisí cláraithe foghlaimoírí laistigh de BOO chun socrúchán foghlaimoírí, rannpháirtíocht agus coinneáil ar chlár a bharrfheabhsú.
4. Úsáid níos éifeachtaí a bhaint as an teicneolaíocht chun dul chun cinn agus torthaí foghlaimoírí a rianú.
5. Straitéisí a chur chun feidhme agus acmhainní a thiomnú chun a chinntiú go bhfuil na croílitearthachtaí (litearthacht, uimhearthacht, smaointeoireacht chriticiúil, litearthacht dhigiteach agus ríomhaireachta agus scileanna infhostaitheachta) leabaithe laistigh dár gclár agus dár gcúrsaí go léir.
6. Sraith tacaíochtaí foghlaimoírí a fhorbairt agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear tacaíochtaí míchumais, socrúcháin agus atreoruithe chuig gníomhaireachtaí eile chun dul i ngleic le bacainní ar rannpháirtíocht, coinneáil agus dul chun cinn.

Sprioc 5: Comhpháirtíochtaí Táirgiúla a Fhorbairt

1. Leanúint ar aghaidh ag forbairt caidreamh éifeachtach le comhlachtaí fostóirí, ceardchumainn agus eagraíochtaí ábhartha eile chun taithí oibre agus socrúcháin ardchaighdeán a sholáthar dár gcuid scoláirí agus foghlaimoírí.
2. Leanúint ar aghaidh ag obair i ndlúth-chomhpháirt leis an Roinn Oideachais, An Roinn Leanaí, Comhionannais, Cuimsiú Míchumais agus Óige, An Roinn Coimirce Sóisialaí, TUSLA, SOLAS, QQI agus BOOÉ.
3. Leanúint ar aghaidh ag obair i ndlúth-chomhpháirtíocht le ceardchumainn ábhartha chun feabhas a chur ar chaighdeán na seirbhísí a sholáthraímid.
4. Leanúint ar aghaidh ag athbhreithniú agus ag leasú, de réir mar is cuí, ár bpróiseas comhpháirtíochta, ár bprótacal agus ár nósanna imeachta.
5. Forbairt nua a dhéanamh agus leanúint de chaidreamh láidir a chothú le comhlachtaí reachtúla ábhartha eile agus le heagraíochtaí deonacha óige agus pobail chun ár seirbhísí don aos óg a fheabhsú.
6. Caidreamh a fhorbairt le gníomhaireachtaí agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta ábhartha trí chlár an Aontais Eorpaigh.

7. Oibriú i gcomhar le Comhpháirtíocht Áineasa agus Spóirt Chiarraí chun rannpháirtíocht níos mó sa spórt agus i ngníomhaíocht choirp a fhíorú.
8. Oibriú i gcomhpháirt le comhlachtaí ábhartha Ealaíon chun na healaíona san oideachas a chur chun cinn.
9. Naisc a fhorbairt le fostóirí chun freagairtí éifeachtacha ar a riachtanais i ngeilleagar atá ag athrú a chinntiú.
10. Oibriú i ndlúth-chomhpháirt leis an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil chun cur chuige níos comhpháirtí a chinntiú maidir le cláir forbartha áitiúla agus pobail a chur chun feidhme.

Sprioc 6 Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara

1. Comhairlí scoláirí/mac léinn a athbhreithniú agus a fheabhsú i ngach ceann dár scoileanna, coláistí agus ionaid.
2. Comhairlí tuismitheoirí a athbhreithniú agus a fheabhsú i ngach ceann dár scoileanna, coláistí agus ionaid.
3. Leanúint de shásraí comhairliúcháin saincheaptha agus cuimsitheacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme lenár bpáirtithe leasmhara uile.
4. Dul i mbun idirphlé straitéiseach le SOLAS chun straitéisí náisiúnta agus áitiúla don bhreisoideachas agus oiliúint a chur chun feidhme.
5. Leanúint ar aghaidh ag úsáid an aiseolais ó pháirtithe leasmhara chun na cineálacha seirbhísí a sholáthraímid a mhúnlú agus chun forálacha reatha a fheabhsú.
6. Leanúint ar aghaidh ag cur lenár straitéis rannpháirtíochta fostóirí chun ailíniú níos éifeachtaí a dhéanamh ar riachtanais na bhfostóirí lenár straitéisí forbartha scileanna.
7. Leanúint ar aghaidh de phlé le comhlachtaí dámhachtana, QQI san áireamh, chun na deiseanna foghlama atá ar fáil dár bhfoghlaimoirí a fheabhsú.
8. Dul i ngleic go héifeachtach lenár bhfoireann chun cáilíocht na seirbhíse a fheabhsú, inniúlachtaí agus cumais a thógáil agus barr feabhais a bhaint amach inár mbainistíocht daoine.
9. Gníomhaíochtaí rannpháirtíochta na bpáirtithe leasmhara a thomhas chun pleanáil agus seachadadh comhpháirteach clár agus seirbhísí a spreagadh chun freastal ar riachtanais i gCiarraí.

Sprioc 7: Éifeachtacht agus Cuntasacht i Rialachas agus Ceannaireacht

1. Athbhreithniú a dhéanamh ar chumarsáid inmheánach reatha, straitéis chomhtháite cumarsáide inmheánaigh a bheachtú agus a fhorbairt lena gcuirtear ár spriocanna straitéiseacha in iúl, lena soiléirítear struchtúir, ról agus freagrachtaí eagraíochtúla ar gach leibhéal agus ina gcuirtear i dtábhacht an próiseas cinnteoireachta.
2. Struchtúir agus próisis a athbhreithniú agus a fheabhsú chun éifeachtacht ár n-eagraíochta agus cé chomh maith agus a dhéanaimid cumarsáid leis na páirtithe leasmhara go léir a fheabhsú.
3. Athbhreithniú agus feabhsú a dhéanamh ar ár gcleachtais agus ar ár mbeartais acmhainní daonna atá i bhfeidhm faoi láthair chun freastal ar riachtanais straitéiseacha BOO Chiarraí.
4. Ár gcumais agus ár n-inniúlachtaí ceannaireachta, bainistíochta agus maoirseachta a fhorbairt chun ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.
5. Feabhas a chur ar ár gcumas pleanála acmhainní agus bainistíochta oibríochtúil ar gach leibhéal den eagraíocht. Bainfidimid úsáid as oiliúint, FGL agus struchtúir eagrúcháin níos oiriúnaí.
6. Feabhas a chur ar ár gcórais faisnéise bainistíochta chun sonraí atá cothrom le dáta, ábhartha agus cruinn a sholáthar ar fud ár n-eagraíochta chun pleanáil, soláthar seirbhíse a fheabhsú agus a bheith oiriúnach dár straitéis.

7. Leanúint ar aghaidh ag forbairt chumais straitéiseacha comhlíontachta agus rialachais ár mBoird agus na gcoistí comhlachaithe.
8. Cultúr d'fheabhsú leanúnach agus de chleachtas machnamhach a chur chun cinn.

Sprioc 8: Margaíocht, Brandáil agus Cumarsáid

1. Iniúchadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar gach straitéis agus sásra cumarsáide agus caidrimh phoiblí de chuid BOO Chiarraí.
2. Feidhm chumarsáide thiomnaithe a bhunú laistigh de BOO Chiarraí chun cumarsáid inmheánach agus sheachtrach a fheabhsú.
3. Straitéis caidrimh phoiblí agus margaíochta BOO Chiarraí a fhorbairt chun fógraíocht, brandáil agus earcaíocht foghlaimeoirí a fheabhsú.
4. Scéim Teanga BOO Chiarraí a chur chun feidhme,
5. Straitéis a fhorbairt chun úsáid níos éifeachtaí a bhaint as teicneolaíocht na meán sóisialta chun an eagraíocht a bhrandáil agus a chur chun cinn.
6. Aip fhairsing BOO Chiarraí a fhorbairt le húsáid ag spriocluchtanna inmheánacha agus seachtracha.
7. Léarscáiliú ar an réimse leathan roghanna dul chun cinn d'fhoghlaimoirí laistigh de chlár BOO Chiarraí.
8. Foilseacháin iomchuí a fhorbairt agus a ullmhú i bhformáidí éagsúla inrochtana do scoláirí agus do thuismitheoirí ina mínítear an córas dámhachtana, an comhlacht dámhachtana, an measúnú is gá chun an dámhachtain a bhaint amach agus na roghanna dul chun cinn a bhaineann leis an dámhachtain.
9. Cur chuige cumarsáide inmheánach agus seachtrach foriomlán a fheabhsú.

Sprioc 9: An Timpeallacht Oibre agus Foghlama a Fheabhsú

1. Creidiúnú Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe a bhaint amach ar fud na heagraíochta.
2. Athbhreithniú eagraíochtúil a dhéanamh a dhírítear ar bheartais, struchtúir agus róil chun a chinntiú go bhfuil siad oiriúnach go maith don straitéis oideachais agus oiliúna do BOO Chiarraí.
3. Leanúint de chlár shonracha oiliúna agus forbartha a dhearadh agus a sheachadadh chun freastal ar riachtanais a shainiú tríd an bpróiseas bainistíochta feidhmíochta.
4. Leanúint ar aghaidh ag tacú leis an scéim leasa foirne agus ag tacú le forbairt gairme foirne agus deiseanna aistrithe poist.
5. Leanúint ar aghaidh ag forbairt clár agus réimse straitéisí coisctheacha agus réamhghníomhacha chun meabhairshláinte dhearfach na scoláirí, na bhfoghlaimeoirí agus na foirne a fheabhsú.
6. Úsáid ár n-áiseanna a uasmhéadú agus a fheabhsú agus iniúchtaí tráthrialta sláinte agus sábháilteachta a dhéanamh chun cáilíocht na hoibre agus na dtimpeallachtaí foghlama a uasmhéadú.
7. Clár agus acmhainní a fhorbairt chun tacú le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach do chlár.
8. A chinntiú, laistigh de na hacmhainní a chuirtear ar fáil, go bhfuil gach ceann dár bhfoirgnimh oiriúnach do riachtanais na seirbhísí a sholáthraítear.
9. Tosaíocht a thabhairt do thionscadail chaipitil/tógála a thacaíonn le comhtháthú níos fearr ar sholáthar na gClár Breisoideachais agus Oiliúna.



Bord Oideachais agus
Oiliúna Chiarraí

Lárphointe
Bóthar John Joe Sheehy
Trá Lí,
Co. Chiarraí
V92 P2FE

Fón: 066 7121488
Ríomhphost: info@kerryetb.ie
www.boochiarrai.ie